



An Bhruiséil, 2 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

11531/26
PV CONS 44
SOC 481
EMPL 271
SAN 572
CONSOM 228
PARLNAT

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

29 Meitheamh 2026

1. Glacadh an chláir oibre

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 10825/26.

FOSTAÍOCHT AGUS BEARTAS SÓISIALTA

Gníomhaíochtaí neamhrechtacha

2. **Soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a chur chun cinn trí rialacha nuachóirithe agus simplithe maidir le comhordú na slándála sóisialta¹** 10383/26
Seisiún tuairimíochta

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, faoi threoir nóta ón Uachtaránacht a leagtar amach sa doiciméad thuas.

3. **Seimeastar Eorpach 2026** 10383/26
- (a) **Pacáiste an Earraigh 2026** 9935/26
Cur i láthair ón gCoimisiún 9955/26
Seisiún tuairimíochta 10269/26
+ ADD 1

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair a rinne an Coimisiún maidir le Pacáiste an Earraigh 2026 agus bhí seisiún tuairimíochta aici faoi.

- (b) **Measúnú ar na moltaí tírshonracha do 2026 agus cur chun feidhme na moltaí tírshonracha do 2025: Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta** 10400/26
Formhuiniú

D'fhormheas an Chomhairle an Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir leis an measúnú ar mholtaí tírshonracha do 2026 agus cur chun feidhme na moltaí tírshonracha do 2025 mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad.

¹ Cathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta i láthair mar bhreathnóirí.

- (c) **Ionchur maidir le gnéithe fostaíochta agus beartas sóisialta na moltaí tírshonracha: Moltaí i ndáil leis na beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúrtha agus bhuiséadacha i ngach Ballstát** 10361/26
10885/26
10247/1/26 REV 1
Formheas

D'fhormheas an Chomhairle an rannchuidiú maidir leis na gnéithe fostaíochta agus beartais shóisialta de na Moltaí i ndáil le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúrtha agus bhuiséadacha gach Ballstáit mar a liostaítear in 10247/1/26 REV 1 iad agus d'fhormheas sí an nóta 'comhlíon nó mínigh' mar a leagtar amach in 10885/26 é.

4. **Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta maidir le gnéithe inscne-bhainteacha de cháilíocht poist²** [P2] 10320/1/26 REV 1
Cur i láthair ó Chathaoirleach an Choiste Fostaíochta
Seisiún tuairimíochta

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair a rinne Cathaoirleach an Choiste Fostaíochta ar na Príomhtheachtaireachtaí maidir le gnéithe inscne-bhainteacha de cháilíocht poist agus bhí seisiún tuairimíochta aici faoi.

5. **Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcibearfhoréigean in aghaidh cailíní a chosc agus a chomhrac³** [P2] 9555/26 + COR 1
+ ADD 1
Formheas

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí thuas.

Leagtar amach ráiteas ón Ungáir san Iarscríbhinn.

6. **Pacáiste Sóisialta: Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta agus bealaí le haghaidh cur chun feidhme éifeachtach a bhaint amach⁴** [P2] 10378/26
Seisiún tuairimíochta

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, faoi threoir nóta ón Uachtaránacht a leagtar amach sa doiciméad thuas.

² Cathaoirleach an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) i láthair mar bhreathnóir.

³ Cathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta i láthair mar bhreathnóirí.

⁴ Ina raibh ionchur ó chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta.

7. Formheas na míreanna ‘A’

- (a) **Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

10809/26

Talmhaíocht

1. **Rialachán lena leasaítear an Rialachán maidir le heagraíocht na margaí talmhaíochta (CEM) a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia**



10642/2/26 REV 2
+ ADD 1 REV 2
PE-CONS 21/26
AGRI

Glacadh an ghnímh reachtaigh

a d’fhormheas Coreper, Cuid 1, an 24.6.2026

D’fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 42, an chéad mhír, agus 43(2) CFAE), agus an Laitvia, an Ísiltír, agus an tSualainn ag vótáil ina choinne agus an Danmhairg, an Eastóin, agus an Ghearmáin ag staonadh ón vótáil.

Leagtar amach ráitis ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Ísiltír, ón Ostair agus ón gCoimisiún san Iarscríbhinn.

An Comhshaol

2. **Rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite**



10651/26 + ADD 1
PE-CONS 13/26
ENV

Glacadh an ghnímh reachtaigh

a d’fhormheas Coreper, Cuid 1, an 24.6.2026

D’fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 114 agus 192(1) CFAE maidir le hAirteagail 14 go 36 den Rialachán seo), agus an Ostair agus an Ungáir ag vótáil ina choinne agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil.

Leagtar amach ráitis ón nGearmáin, ón Eastóin agus ón tSlóvaic san Iarscríbhinn.

3. **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1157 a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar dhramhaíl mheasctha chathrach atá beartaithe lena haisghabháil a onnmhairiú**  10649/26
PE-CONS 35/26
ENV
Glacadh an ghnímh reachtaigh
Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 24.6.2026

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE. Chinn an Chomhairle freisin maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas.

Gnóthaí Ginearálta

4. **Omnibus VII: Rialachán lena leasaítear Rialacháin maidir le cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga a shimpliú (Omnibus Digiteach maidir le IS)**  10752/26 +
ADD 1-2
PE-CONS 30/26
SIMPL
Glacadh an ghnímh reachtaigh
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 24.6.2026

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

Leagtar amach ráitis ón mBeilg, ón nGréig, agus ón gCoimisiún san Iarscríbhinn.

Taighde

5. **Cinneadh ón gComhairle lena leagtar síos na bearta is gá le haghaidh chur chun feidhme Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach**

 10085/26
6884/26
COMPET

Glacadh an ghnímh reachtaigh

a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 24.6.2026

Ghlac an Chomhairle Cinneadh ón gComhairle lena leagtar síos na bearta is gá le haghaidh chur chun feidhme Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach (bunús dlí: Airteagal 2, mír 1, de Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.).

Ceartas agus Gnóthaí Baile

6. **Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas maidir le hullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte**

 10490/26
PROCIV
IPCR

Tuarascáil ar dhul chun cinn

a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 24.6.2026

Thug an Chomhairle dá haire tuarascáil ar dhul chun cinn i ndáil leis an Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas maidir le hullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte.

Gnóthaí Ginearálta

7. **Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Réigiúnach lena n-áirítear le haghaidh Comhar Críochach Eorpach (Interreg) agus lena mbunaítear freisin an Ciste Comhtháthaithe ó 2028 go dtí 2034**

 10087/26 +
ADD 1-2
10161/26 + COR 1
COH

Cur chuige ginearálta páirteach

a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 24.6.2026

Ghlac an Chomhairle cur chuige ginearálta páirteach maidir leis an Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Réigiúnach lena n-áirítear le haghaidh Comhar Críochach Eorpach (Interreg) agus lena mbunaítear freisin an Ciste Comhtháthaithe ó 2028 go dtí 2034.

Leagtar ráitis ón Iodáil agus ón tSlóvaic amach san Iarscríbhinn.

8. Rialachán lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de chreat na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ó 2028 go 2034



10089/26 + ADD 1
10163/26
COH

Cur chuige ginearálta páirteach

a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 24.6.2026

Ghlac an Chomhairle cur chuige ginearálta páirteach maidir leis an Rialachán lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de chreat na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ó 2028 go 2034.

Leagtar ráiteas ón Iodáil amach san Iarscríbhinn.

(b) Liosta neamhreachtach

10808/26

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sna doiciméid thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Iarscríbhinn.

Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

8. Conclúidí maidir le Tithíocht: athrú déimeagrafach agus múnlu beartas³



10765/26

Formheas

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí thuas.

9. Slándáil Tithíochta do chách: freagairt do riachtanais na mac léinn agus na dteaghlach meánioncaim³



10389/26

Seisiún tuairimíochta

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, faoi threoir nóta ón uachtaránacht a leagtar amach sa doiciméad thuas.

Aon ghnó eile

10. (a) Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)⁵

- | | | | |
|-------|---|-----------|---------------------|
| (i) | Athbhreithniú ar na rialacháin maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (883/04 agus 987/09) | OC | 8631/26 |
| (ii) | Athbhreithniú ar Threoir 2004/37/CE maidir le carcanaiginí, só-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair (an séú baisc) | OC | 11823/25
+ ADD 1 |
| (iii) | Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna | OC | 8148/1/24 REV 1 |
| (iv) | Treoir ón gComhairle maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme (Airteagal 19) | SC | 10817/24 |

Faisnéis ón Uachtaránacht

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis na míreanna thuasluaite.

- | | | | |
|-----|---|----------|------------------|
| (b) | Tionscnamh chun Lá Eorpach a bhunú i gcuimhne ar dhaoine ar tharla tionóisc dóibh ag an obair agus ar mhaithe le cosaint agus dínit oibrithe | 2 | 11082/1/26 REV 1 |
| | <i>Faisnéis ón mBeilg, ón Ungáir agus ón Iodáil</i> | | |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg, an Iodáil agus an Ungáir ar fáil, le tacaíocht ón nGearmáin, ó Mhálta, ón Rómáin agus ón Spáinn.

- | | | | |
|-----|---|----------|----------|
| (c) | Imeachtaí Uachtaránachta⁵ | 2 | 10928/26 |
| | <i>Faisnéis ón uachtaránacht</i> | | |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an uachtaránacht ar fáil.

- | | | | |
|-----|--|--|--|
| (d) | Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta | | |
| | <i>Faisnéis ó Éirinn</i> | | |

⁵ Cathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta i láthair mar bhreathnóirí.

- ❶ An chéad léamh
 - ❷ Níos imeachta reachtach speisialta
 - ❸ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún
 - ❹ Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)
-

Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha ‘A’ a leagtar amach in 10809/26**Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna ‘A’:**

Rialachán lena leasaítear an Rialachán maidir le heagraíocht na margaí talmhaíochta (CEM) a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia
Glacadh an ghnímh reachtaigh

RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN

‘Tá Rialtas Cónaidhme na Gearmáine ag staonadh ón togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú, arna leasú le comhréiteach tríthaobhach an 5 Márta 2026.

Aontaíonn an Rialtas Cónaidhme le haidhm an togra, is é sin, seasamh na bhfeirmeoirí a neartú. Ar an iomlán, áfach, níl sé cinnte go bhfuil na hionstraimí dá bhforáiltear oiriúnach chun an cuspóir sin a bhaint amach go héifeachtach. Go háirithe, tá an Rialtas Cónaidhme an-chriticiúil faoin ualach méadaithe maorlathais a ghabhann leis an togra agus faoin obair mhór agus na costais arda a bhaineann leis an aistriú. Is amhlaidh atá toisc gur príomhchuspóir de chuid an Rialtais Cónaidhme é maorlathas nach bhfuil gá leis a laghdú agus costais neamhriachtanacha don gheilleagar a sheachaint. Maidir leis an gcosaint arna tabhairt isteach le haghaidh ainmniúcháin feola, tá tionchar ar leith aici sin ar thionscal bia na Gearmáine i gcomparáid le tíortha na hEorpa i gcoitinne, agus measann an Ghearmáin nach bhfuil aon riachtanas rialála léi.

I bhfianaise an mhéid sin, ní féidir leis an Rialtas Cónaidhme aontú leis an togra. Ag an am céanna, aithníonn sé go ndearnadh coigeartuithe tábhachtacha ag an gcruinniú tríthaobhach. Tugtar an deis do na Ballstáit maolú ar an oibleagáid conarthaí i scríbhinn ina bhfuil inneachar íosta áirithe a thabhairt i gcrích. Cé go bhfuil maolú na hearnála déiríochta teoranta, cumhdaítear gnéithe riachtanacha leis.

Rinne an Uachtaránacht gach iarracht freisin seasamh na Comhairle a chosaint ó thaobh na n-ainmniúchán feola de: téarmaí a úsáidtear go forleathan i margadh na Gearmáine lasmuigh d’earnáil na feola (Burger, Wurst agus Schnitzel, mar shampla), féadtar leanúint dá n-úsáid gan bhac; ní dhéantar difear d’ainmniúcháin san earnáil éisc; agus baineadh amach tréimhsí fiúntacha aistrithe agus díolacháin.’

RÁITEAS ÓN LAITVIA

‘Tá an Laitvia ag vótáil i gcoinne an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia (ar a dtugtar ‘an togra’ anseo feasta).

Agus an togra á phlé, chloígh an Laitvia go seasta leis an tuairim nach mór aon togra darb aidhm seasamh na dtáirgeoirí sa slabhra soláthair a neartú fíorthairbhí nithiúla a chur ar fáil do tháirgeoirí.

Maidir leis an gcaidreamh conarthach, agus tuairimí earnáil talmhaíochta na Laitvia á n-urramú aici, measann an Laitvia gur cheart é a fhágáil faoi na Ballstáit cinneadh a dhéanamh conarthaí éigeantacha i scríbhinn a cheangal seachas an ceanglas sin a fhorchur mar oibleagáid éigeantach.

Tá an Laitvia ag vótáil i gcoinne an togra ar bhonn na n-argóintí seo a leanas:

- (1) Creidimid gur cheart na forálacha maidir le conarthaí agus caidreamh conarthach i Rialachán CEM a fhágáil gan athrú, agus gur cheart é a bheith ina rogha ag na Ballstáit conarthaí éigeantacha i scríbhinn agus sásraí idirghabhála a bhunú. Go háirithe, tá an Laitvia i gcoinne na bhforálacha maidir le conarthaí atá in Airteagal 148, toisc nach gceadaítear do na Ballstáit a chinneadh nár cheart conarthaí in earnáil na déiríochta a bheith éigeantach;
- (2) Ní féidir leis an Laitvia tacú ach oiread leis an imeacht ó shainordú na Comhairle maidir leis an sásra idirghabhála ná leis an laghdú ar an tairseach íosluacha soláthair ó EUR 20 000 go EUR 10 000.’

RÁITEAS ón Ísiltír

‘Is díol sásaimh don Ísiltír an comhaontú ar ar thángthas maidir leis an togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia. Cuireann na rialacha nua um an gcaidreamh conarthach agus forálacha eile le seasamh margála neartaithe na bhfeirmeoirí, agus is cuspóir é sin ar thacaigh an Ísiltír go gníomhach leis le linn an phróisis cinnteoireachta. Sa phróiseas sin, ba den ríthábhacht é cothrom iomaíochta agus cur i bhfeidhm leathan a áirithiú ar fud an Aontais chun an cuspóir ‘Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin’ a chomhlíonadh.

Mar sin féin, ar fhorais nós imeachta agus shubstainteacha araon, ní féidir leis an Ísiltír tacú leis na srianta arna gcur isteach ag an nóiméad deireanach ar úsáid téarmaí a bhaineann le feoil ná leis na teorainneacha arna bhforchur ar na féidearthachtaí maidir le feoil shaothraithe. Ní chuireann na srianta sin leis an tsoiléireacht do thomhaltóirí agus cruthaíonn siad ualach rialála nach bhfuil gá leis don phobal gnó. Lena chois sin, baineann siad an bonn ó fhorbairt táirgí nua hibrídeacha agus díspreagann siad nuálaíocht agus infheistíocht phríobháideach, ar gnéithe ríthábhachtacha iad chun cumas tuillimh chóras talmhaíochta agus bia na hEorpa amach anseo a neartú. Dá bhrí sin, tá an méid sin ag teacht salach ar mholtaí Thuarascáil Draghi chun iomaíochas domhanda an Aontais amach anseo a fheabhsú.

Dá thoradh sin, cé go rannchuidíonn an Rialachán atá beartaithe le seasamh an fheirmeora sa slabhra, ar an iomlán níl an Ísiltír in ann tacú leis an gcomhaontú comhréitigh ar thángthas air idir an Chomhairle, an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú, i bhfianaise na bhforchoimeádas maidir leis na srianta thuasluaite.’

RÁITEAS ÓN OSTAIR

‘Sheas an Ostair ar bhealach cuiditheach i gcónaí ar son socruithe praiticiúla chun seasamh na bhfeirmeoirí sa bhiashlabhra a neartú.

Le linn an phlé, mheas agus measann an Ostair go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an méid seo a leanas:

- maoluithe ar an oibleagáid conarthaí seachadta i scríbhinn a úsáid le haghaidh táirgí talmhaíochta, go háirithe in earnáil an bhainne;
- idirdhealú leormhaith i ndlí na hiomaíochta idir eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí agus eagraíocht neamhaitheanta táirgeoirí nó eintitis eile.

Maidir le maoluithe ar an oibleagáid conarthaí seachadta i scríbhinn a úsáid le haghaidh táirgí talmhaíochta, go háirithe in earnáil an bhainne

Faoi láthair, faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (Airteagail 148 agus 168) lena mbunaítear comheagraíocht na margái i dtáirgí talmhaíochta (CEM), is féidir leis na Ballstáit a chinneadh, de mheon na **coimhdeachta**, an gceanglaítear conarthaí i scríbhinn le haghaidh seachadtaí chuig céad-cheannaitheoirí, cé is moite de chomharchumainn.

Ní cheanglaítear aon chonradh i scríbhinn **san Ostair faoi láthair**; sa rialachán náisiúnta um chreatdálaí táirgeoirí (*Erzeuger-Rahmenbedingungen-Verordnung*), áfach, atá bunaithe ar an Dlí um Eagrú an Mhargaidh (Marktordnungsgesetz – MOG), foráiltear go bhféadfaidh soláthróir bainne amh nó táirgí talmhaíochta conradh a iarraidh. Is cleachtas coiteann san Ostair cheana féin iad comhaontuithe i scríbhinn maidir le seachadadh bainne, ach ní gá iad a bheith i gcomhréir dhíreach le forálacha CEM.

Leis an togra reatha chun **leasú a dhéanamh ar CEM**, tugtar isteach **athruithe bunúsacha** ar an gcaidreamh conarthach:

Tá **conarthaí** i scríbhinn **bunriachtanach** anois le haghaidh **gach seachadta** táirgí déiríochta, agus tá siad bunriachtanach in earnáil an bhainne freisin le haghaidh gach seachadta táirgí déiríochta, anuas ar bhainne amh.

Cuirtear **coinníollacha breise** leis na heisceachtaí do **chomharchumainn** (lena n-áirítear modhanna trédhearcacha daonlathacha chun praghsanna a shocrú roimh ré, agus an tionchar ar luach saothair feirmeoirí agus tréimhsí íocaíochta agus nósanna imeachta á gcur san áireamh), agus tá **éiginnteacht dhlíthiúil** ag baint leis na maoluithe sin.

Tugadh isteach **clásal athbhreithnithe nua** do chonarthaí a mhaireann 12 mhí (**6 mhí in earnáil an bhainne**), rud a thugann an deis aontaobhach don soláthróir an conradh seachadta a fhoirceannadh tráth ar bith. Go dtí seo, bhí sé ina aidhm ag CEM conarthaí seachadta a mhaireann 6 mhí ar a laghad a dhéanamh éigeantach; tá an **baol** ann anois, áfach, **go dtairgfear tréimhsí níos giorra**. Is fíor sin go háirithe in earnáil an bhainne.

Cé go bhféadfadh **maoluithe** a bheith ann i gcónaí i gcás táirgí áirithe nó **codanna áirithe de chonarthaí**, ní mór iad a leagan síos ar an leibhéal náisiúnta, agus gabhann ualach maorlathach leis sin.

Tá **baol** ann nach dtairgfear ach **conarthaí seachadta gearrthéarmacha** nó go mbeidh sé níos deacra fós do sholáthróirí beaga i gceantair iargúlta ceannaitheoir a aimsiú. Ní athrófar dálaí an mhargaidh ar an gcaoi sin. Faoi láthair, tá an méadú ar an méid bainne san Aontas ag cur brú comhfhreagrach ar phraghsanna táirgeoirí.

Maidir le maoluithe ar dhlí na hiomaíochta a leathnú chuig eagraíochtaí táirgeoirí neamhaitheanta nó chuig eintitis eile

Go dtí seo, de mhaolú ar Airteagal 101(1) CFAE, ceadaíodh d'eagraíochtaí táirgeoirí arna n-aithint faoi Airteagal 152(1) de Rialachán (AE) 1308/2013 gníomhú, thar ceann a gcomhaltaí le linn an phróisis táirgthe ina iomláine nó go páirteach, chun táirgeadh a phleanáil, costais táirgeachta a optamú, táirgí a mhargú agus conarthaí um sheachadadh táirgí talmhaíochta a chaibidil.

Amach anseo, leathnófar na maoluithe sin ar dhlí na hiomaíochta chuig **eagraíochtaí táirgeoirí neamhaitheanta, comharchumainn nó aon eintiteas dlíthiúil coibhéiseach eile a aithnítear faoin dlí náisiúnta**, a rinne iarratas ar aitheantas Ballstáit mar eagraíocht táirgeoirí agus nár tugadh an t-aitheantas sin dó go fóill, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 152, mír 1, agus in Airteagal 154 de Rialachán CEM.

Féadfaidh **eagraíocht táirgeoirí den chineál sin** leas a bhaint as an maolú sin laistigh den tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 154(4)(a) de Rialachán CEM nó, mura bhfuil aon chinneadh déanta ag an mBallstát maidir leis an iarratas ar aitheantas faoi dheireadh na tréimhse sin, **laistigh de thréimhse 5 bliana ón dáta a tíolacadh an t-iarratas ar aitheantas** mura rud é gur chinn an Ballstát an t-aitheantas a dhiúltú.

Tá coinne leis na héifeachtaí seo a leanas *ex ante*:

- Trí thairbhíthe nua a chur leis an liosta, cuirfear i gcoinne na n-iarrachtaí simpliúcháin atá ar siúl faoi láthair — ós amhlaidh go meastar go dtiocfaidh méadú ar líon na seiceálacha, féadtar glacadh leis go dtiocfaidh méadú ar an ualach riaracháin.
- Ina theannta sin, cruthaíonn imeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar feitheamh ar feadh blianta éiginnteacht dhlíthiúil, rud a chruthaíonn rioscaí suntasacha go ngearrfaí pionóis thromchúiseacha cairtéil i gcásanna ina gcinntear ar bhonn *ex post* nár comhlíonadh ceanglais aitheantais.
- Dírítear aird freisin ar na difríochtaí méadaitheacha atá ag teacht chun cinn idir na Ballstáit maidir le huainiú na nósanna imeachta aitheantais laistigh den tréimhse 5 bliana a ordaíodh.

- Anuas air sin, tá nós imeachta aitheantais iomlán nua á thabhairt isteach (fíorú *ex-ante* atá ann faoi láthair; fíorú *ex post* a bheidh ann amach anseo).
- I dteannta na saincheistanna a luadh, déanann an fhoráil nua **lagú ar chóras reatha na n-eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta: laghdófar na buntáistí d’eagraíochtaí táirgeoirí atá aitheanta cheana féin.**

Measann an Ostair go mb’fhearr i bhfad cloí le **staid reatha an chórais aitheantais, go háirithe chun na buntáistí d’eagraíochtaí táirgeoirí atá aitheanta cheana féin a choimirciú.** Mar fhocal scoir, go dtí seo, bhí an tsaoirse ag gach eagraíocht táirgeoirí neamhaitheanta, gach comharchumann neamhaitheanta agus gach eintiteas neamhaitheanta eile aitheantas a fháil mar eagraíocht táirgeoirí agus tairbhe a bhaint, ar an gcaoi sin, as na maoluithe ar dhlí na hiomaíochta.

Conclúid

I bhfianaise na bpointí thuasluaite, feictear don Ostair go bhféadfaí tuilleadh breithnithe a dhéanamh agus, **dá bhrí sin, iarrann sí ar an gCoimisiún Eorpach meastóireacht a dhéanamh ar na leasuithe reatha laistigh de thréimhse réasúnta ama.**

Mar sin féin, ní chuirfidh an Ostair i gcoinne an chomhréitigh a dtiocfar air agus aontóidh sí leis.

RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN

‘D’fhógair an Coimisiún athbhreithniú ar rialacha an Aontais maidir le soláthar poiblí le haghaidh an dara ráithe de 2026, d’fhoneo go bhféadfaí úsáid a bhaint as critéir inbhuanaitheachta, athléimneachta agus tosaíochta Eorpaí sa soláthar, agus d’fhoneo an úsáid sin a éascú.

Sa chomhthéacs sin, scrúdóidh an Coimisiún conas a fhéadfaidh an soláthar poiblí, agus rialacha an mhargaidh aonair agus oibleagáidí idirnáisiúnta á n-urramú an tráth céanna, a bheith ina thaca le cuspóirí inbhuanaitheachta agus le tosaíocht Eorpach. Tacóidh na cuspóirí sin freisin le beartas bia na hEorpa agus le táirgí de thionscnamh feirmeacha beaga, ar táirgí iad a tháirgtear agus a mhargaítear go háitiúil ó shlabhraí soláthair gairide.’

RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN

‘1. Dar leis an nGearmáin, ní leor na bearta atá beartaithe chun dul i ngleic leis an áit nach eol cá bhfuil feithiclí a leagtar amach sa chomhaontú tríthaobhach polaitiúil a bhaineann leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear

Rialacháin (AE) 2018/858 agus 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE. Measann Poblacht Chónaidhme na Gearmáine nach bhfuil na rialacha atá i gceist éifeachtach go leor chun díchoimeáil neamhdhleathach nó onnmhairiú neamhdhleathach a laghdú.

Dá bhrí sin, athdhearbhaíonn an Ghearmáin a thábhachtaí atá an measúnú tionchair ar an áit nach eol cá bhfuil feithiclí, dá bhforáiltear sa Rialachán, agus na bearta a eascraíonn as sin, agus iarrann sí go ndéanfaí iad sin ag céim níos luaithe.

2. Ó thaobh na Gearmáine de, tá fadhbanna ag baint leis an gclásal scátháin atá sa chomhaontú tríthaobhach polaitiúil ó thaobh an bheartais trádála de, ós rud é gur ionstraim chosantach é lena gcruthaítear bacainní ar thrádáil. Dá bhrí sin, measann an Ghearmáin nach bhfuil an clásal sin iomchuí chun an chosaint is gá don mhargadh inmheánach a áirithiú. Ní fasach do reachtaíocht ná do chomhaontuithe saorthrádála amach anseo é an clásal scáthánach a áireamh sa Rialachán.

Dá bhrí sin, iarrann an Ghearmáin go ndéanfaí measúnú tionchair láithreach ar an gclásal scáthánach, lena n-áirítear maidir le himpleachtaí an bheartais trádála agus an dlí trádála, an tionchar ar thionscal an Aontais agus ar thríú tíortha, agus saincheisteanna cur chun feidhme.

D’ainneoin na n-ábhar imní sin, aontaíonn an Ghearmáin leis an togra comhréitigh ón uachtaránacht le haghaidh cur chuige ginearálta de mheon an chomhréitigh fhoriomláin.’

RÁITEAS ÓN EASTÓIN

‘Is féidir leis an Eastóin tacú le téacs deiridh an rialacháin maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite (ELV). Mar sin féin, ba mhaith linn a athdhearbhú gur cúis imní dúinn freagracht leathnaithe táirgeora (EPR) in Airteagal 22.

Tugtar isteach leis an téacs oibleagáidí breise trasteorann do mhonaróirí, rud a d'fhéadfadh riosca íocaíochtaí dubailte a chruthú i gcás ina gcumhdaítear costais trí scéimeanna náisiúnta EPR agus tríd an sásra trasteorann araon. Is cúis inní dúinn i gcónaí go bhféadfadh ualach riaracháin méadaithe a bheith mar thoradh air sin, ós rud é go gceanglófaí ar mhonaróirí ionadaithe údaraithe a cheapadh i roinnt Ballstát agus comhlíonadh a léiriú trí shocrúithe comhthreomhara.

B'fhearr leis an Eastóin réiteach a bheadh ailínithe níos dlúithe le prionsabail FLT atá bunaithe cheana féin, mar a léirítear i gCur Chuige Ginearálta na Comhairle. Leis an gcur chuige sin, chosnófaí ar bhealach níos fearr ar íocaíochtaí dubailte, laghdófaí an t-ualach riaracháin agus choinneofaí nasc níos soiléire idir freagracht an táirgeora agus feithiclí a chur ar an margadh.

Cé go dtacaímid leis an téacs foriomlán, cuirimid chun suntais fós go bhféadfadh dúshlán phraiticiúla shuntasacha a bheith ag baint le cur chun feidhme Airteagal 22 do na Ballstáit, do mhonaróirí agus do tháirgeoirí.'

RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC

'Is díol sásaimh don tSlóvaic an rialachán sin, a mheasaimid a bheith ina chéim thábhachtach i dtreo an gheilleagair chiorclaigh a neartú agus creat dlíthiúil cuimsitheach a bhunú do shaolré iomlán feithiclí.

Mar sin féin, ba mhaith linn aird a tharraingt ar phointí áirithe a mbeadh tuilleadh plé ag teastáil ina leith, dar linn. Tá inní ar leith orainn faoi na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag na hoibleagáidí agus na sainmhínithe a tugadh isteach le déanaí, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le méadú ar an ualach riaracháin agus ar na costais d'oibreoirí eacnamaíocha.

Go háirithe, ba mhaith leis an tSlóvaic aird a tharraingt ar Airteagal 22 maidir leis an sásra leithdháilte costas trasteorann le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite. Is é ár dtuairim gur gá an sásra sin a shoiléiriú a thuilleadh chun cóir chomhionann agus cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú ar fud an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le gluaiseacht feithiclí idir na Ballstáit.

Sa chomhthéacs sin, chuirfimis i bhfios go láidir go bhfuil dlúthnasc idir feidhmiú éifeachtach an tsásra sin agus an creat rialála níos leithne lena rialaítear clárú, díchlárú agus aistrithe trasteorann feithiclí. Ní féidir aghaidh a thabhairt ar an ngné thrasteorann de bhainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite ina haonar agus is gá í a chomhchuihbhiú le reachtaíocht iompair ábhartha eile. Go háirithe, measaimid go bhfuil sé bunriachtanach comhroinnt rianúil faisnéise agus rochtain ar bhunachair sonraí feithiclí sna Ballstáit a áirithiú, lena n-áirítear taifid chlárúcháin agus sonraí maidir le díchlárú. Dá bhrí sin, iarraimid ar an gCoimisiún a mheas an bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tacú le feidhmiú praiticiúil Airteagal 22 nó treoirlínte praiticiúla chun cabhrú leis na Ballstáit agus le hoibreoirí eacnamaíocha an sásra sin a chur chun feidhme go comhsheasmhach agus ar bhealach aonfhoirmeach.'

Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A':

Omnibus VII: Rialachán lena leasaítear Rialacháin maidir le cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga a shimpliú (Omnibus Digiteach maidir le IS)
Glacadh an ghnímh reachtaigh

RÁITEAS ÓN mBEILG

'Is díol sásaimh don Bheilg an dul chun cinn suntasach a rinneadh san Omnibus Digiteach maidir le IS mar thoradh ar phlé cuiditheach, agus athdhearbhaíonn sí a thiomanta atá sí cothromaíocht a bhaint amach idir simpliú agus cearta bunúsacha a chosaint - cothromaíocht a baineadh amach sa téacs seo agus dá bhrí sin tacaímid leis.

Chuirfimis chun suntais go háirithe a thábhachtaí atá an leasú lena gcuirtear cosc ar chórais IS atá in ann ábhar gáirsiúil neamhthoiliúil a ghiniúint. Is saincheist thábhachtach í seo nach mór aghaidh a thabhairt uirthi, go háirithe d'fhonn cosaint leordhóthanach réamhghníomhach a thabhairt sa réimse seo. Tá an comhaontú ag brath ar an mbeart sin, atá go hiomlán i gcomhréir le luachanna na hEorpa.

Ina theannta sin, ba mhian linn filleadh ar dhá phointe atá fós fadhbach.

Ar an gcéad dul síos, cé go dtuigimid gur dúshlán theicniúla is cúis leis an tréimhse chairde le lipéadú ábhar IS-ghinte, is oth linn gur cuireadh siar an oibleagáid seo. Is é ár dtuairim go bhfuil ceisteanna móra ann mar gheall air seo i ndáil le daoine aonair a chosaint agus le trédharcacht maidir le domhainbhrionnú, ar saincheisteanna iad nach féidir a chur siar gan riosca suntasach.

Ar an dara dul síos, is díol sásaimh dúinn na soiléirithe maidir le claontacht a bhrath, ach is oth linn nár soiléiríodh a thuilleadh coincheap an dianriachtanais agus nár moladh a thuilleadh úsáid réitigh mhalartacha, sonraí sintéiseacha mar shampla, chun cur chuige cothrom freagrach a áirithiú.’

RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN

‘Is díol sásaimh don Choimisiún an comhaontú polaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air i ndáil leis an Omnibus Digiteach maidir leis an intleacht shaorga.

An tráth céanna, is cúis mhór imní don Choimisiún rogha na sprioc-amanna a ghabhann le dhá chúram thábhachtacha leantacha a chuirtear ar an gCoimisiún. Foráiltear sa Rialachán a comhaontaíodh, i measc nithe eile, gur cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoin 2 Lúnasa 2027 lena sonraítear cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar ceanglais áirithe den Gníomh um an Intleacht Shaorga a theorannú i gcás na gcóras intleachta saorga ardriosca dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Gníomh um an Intleacht Shaorga agus na coinníollacha faoina bhféadfar sin a dhéanamh toisc go n áirithítear leibhéal coibhéiseach cosanta nó leibhéal níos airde cosanta cheana le reachtaíocht earnála, agus
2. treoirlínte a fhorbairt faoin 1 Lúnasa 2027 maidir leis an idirghníomhú idir ceanglais intleachta saorga ardriosca agus reachtaíocht earnála.

Tacaíonn an Coimisiún go hiomlán leis an gcuispóir feabhas a chur ar an gcomhlántacht idir an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus reachtaíocht earnála maidir le táirgí. Tá sé ríthábhachtach dúbailt neamhriachtanach a sheachaint ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, iomaíochas agus cur chun feidhme éifeachtach. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an comhaontú ar thángthas air maidir le Omnibus IS comhleanúnach lena thogra le haghaidh athbhreithniú ar na Rialacháin maidir le Feistí Leighis (COM(2025)1023) agus, dá bhrí sin, ní dhéanann sé difear don togra sin.

A mhéid a bhaineann le pointe 1 thuas, measann an Coimisiún go mbaineann luach an tsásra nua sin go díreach lena chumas aghaidh a thabhairt ar shaincheistean comhlántachta ar bhonn leanúnach, ós rud é go nglactar rialacha nua earnáilsonracha atá ábhartha do chórais intleachta saorga faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus ós rud é go dtagann forluí nithiúil chun cinn. Dá bhrí sin, tá fadhbanna ag baint leis an sprioc-am, ós rud é go bhfuil an baol ann go ndéanfar cleachtadh aonuaire den sásra sin agus go bhféadfadh sé teorainn a chur le cumas an Choimisiúin gníomhú i gcás ina sainaithnítear forluí nua tar éis an measúnú earnáilsonrach a dhéanamh faoin dáta thuasluaite.

Ar an dara dul síos, i ndáil le pointe 2 thuas, beidh gá le hanailís chúramach a dhéanamh ar fhorbairt treoirlínte maidir leis an idirghníomhú idir ceanglais intleachta saorga ardriosca agus reachtaíocht earnála, agus ní mór an toradh a bheith láidir, praiticiúil agus soiléir ó thaobh an dlí de. Ó cuireadh siar go dtí an 2 Lúnasa 2028 teacht i bhfeidhm na gceanglas ardriosca maidir le córais intleachta saorga ardriosca dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, le sprioc-am chun na treoirlínte a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil roinnt de na ceanglais sin bliain iomlán roimh an teacht i bhfeidhm sin, d'fhéadfaí forbairt uirlisí tacaíochta iontaofa le haghaidh earnáil na tionsclaíochta agus na n údarás a chur i mbaol.'

RÁITEAS ÓN nGRÉIG

'Síneadh a chur leis an oibleagáid – Airteagal 111 (mír 4 nua) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga – OMNIBUS DIGITEACH MAIDIR LEIS AN INTLEACHT SHAORGA – 2025/0359(COD)/PE-CONS 30/26

Is díol sásaimh don Ghréig an dul chun cinn suntasach a rinneadh maidir leis an 'Omnibus Digiteach maidir leis an Intleacht Shaorga' trí phlé cuiditheach, ar leibhéal na mBallstát i dtionól na Comhairle agus sna cruinnithe tríthaobhacha le Parlaimint na hEorpa araon. Athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta cothromaíocht a bhaint amach idir simpliú agus cosaint chearta bunúsacha shaoránaigh na hEorpa – cothromaíocht a bhaintear amach leis an téacs comhréitigh seo, lena dtacaímid dá bhrí sin. Ba mhaith linn freisin ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le hUachtaránacht na Cipire, a chuir a hiarrachtaí agus a treoir ar ár gcumas teacht ar an téacs comhréitigh seo go tapa agus go cinntitheach.

Mar sin féin, ba mhaith linn a athdhearbhú go bhfuilimid an-mhíshásta leis an tréimhse chairde 4 mhí chun ábhar arna ghiniúint ag an intleacht shaorga a lipéadú (Airteagal 111(4), arna leasú). Ba cheart a mheabhrú, le linn an phlé ar leibhéal na Comhairle maidir leis an sainordú caibidlíochta, gur thíolaic an Ghréig ráiteas maidir leis an ábhar sin, inar iarradh nach ndeonófaí aon síneadh.

Tá an Ghréig fós den tuairim gur oibleagáid rithábhachtach é sin, a bhfuil baint dhíreach aige leis an muinín as faisnéis agus le cosaint an phróisis dhaonlathaigh, agus dá bhrí sin, cuirimid in iúl gur oth linn gur cuireadh an oibleagáid sin siar.'

**Maidir le mír 7 ar
liosta na míreanna
'A':**

**Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt
Réigiúnach lena n-áirítear le haghaidh Comhar Críochach Eorpach
(Interreg) agus lena mbunaítear freisin an Ciste Comhtháthaithe
ó 2028 go dtí 2034**

Cur chuige ginearálta páirteach

RÁITEAS ÓN IODÁIL

‘Gabhann an Iodáil buíochas le hUachtaránacht na Cipire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh as an dianobair a rinneadh ar na tograí le haghaidh rialacháin a bhaineann le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe, lena n-áirítear Interreg, agus Ciste Sóisialta na hEorpa. Aithnímid an dul chun cinn suntasach a rinneadh le linn na caibidlíochta agus is mór againn na feabhsuithe a tugadh isteach sna téacsanna comhréitigh.

Go háirithe, i ndáil leis an Rialachán maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe, is díol mór sásaimh don Iodáil gur cuireadh isteach an t-airteagal maidir leis an ‘ceart fanachta’ a mhol an Iodáil agus arb é is aidhm dó – i gcomhréir leis an Straitéis atá á cur chun cinn ag an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Fitto – tarraingteacht na gcríoch, rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha, nascacht, agus na cúinsí lena gcuirtear ar chumas daoine fanacht i limistéir níos leochailí a neartú. Is dearfach ár measúnú freisin ar neartú na bhforálacha maidir le tacaíocht do limistéir faoi mhíbhuntáiste, don nuálaíocht réigiúnach agus don chlaochlú réigiúnach, agus don fhorbairt uirbeach inbhuanaithe, chomh maith le haistriú na bhforálacha a bhaineann le Interreg ón Rialachán ginearálta maidir le Pleananna CNR go dtí an Rialachán earnála maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe, le léiriú níos mionsonraithe lenar féidir aitheantas níos fearr a thabhairt do chineál sonrach an chomhair chríochaigh Eorpaigh.

Maidir le Rialachán CSE, is díol sásaimh dúinn neartú na tacaíochta don aistriú déimeagrafach agus sonrú níos soiléire ar rannchuidiú an Chiste le cuspóirí a bhaineann le fostaíocht ardcháilíochta, scileanna, oideachas agus oiliúint, cuimsiú sóisialta, an comhrac i gcoinne na bochtaineachta, agus rochtain ar sheirbhísí.

Ag an am céanna, cuireann an Iodáil in iúl go bhfuil amhras uirthi faoi ghnéithe áirithe de na téacsanna reachtacha atá á bhformheas.

Ar an gcéad dul síos, ní dhéanann na rialacháin eanála raon feidhme idirghabhála chistí an bheartais chomhtháthaithe a shonrú go leordhóthanach fós, ná ní shonraítear an ghné sin go soiléir sa Rialachán maidir le Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha, cé go sainítear misean na gCistí sin le CFAE. Is measa fós é sin toisc nach bhfuil leithdháileadh airgeadais tiomnaithe ann don Bheartas Comhtháthaithe ná dá Chistí. I ndáil leis an méid sin, níor glacadh leis an moladh ón Iodáil iarscríbhinn eanála a chur isteach lena sainaitheann na réimsí idirghabhála agus na táscairí ábhartha do CFRE, Interreg agus CSE. Neartódh an ionstraim sin deimhneacht dhlíthiúil, soiléireacht clársceidealaithe, agus infheictheacht na gcistí.

Ar an dara dul síos, meastar gur cheart forbairt na gceart bunúsach agus cur chun cinn an smachta reachta a bheith ina bprionsabal cothrománach seachas ina réimsí idirghabhála le haghaidh Chistí an Bheartais Comhtháthaithe.

Ar an tríú dul síos, ní dhéantar foráil i Rialachán CSE maidir le tacaíocht a thabhairt d'idirghabhálacha cúnaimh theicniúil, mar a tharla i gcónaí i gclárthréimhsí roimhe seo. Tá an rogha sin, atá beartaithe do CFRE, fíor-riachtanach chun clársceidealú agus cur chun feidhme éifeachtach idirghabhálacha a áirithiú i réimsí na fostaíochta, na scileanna, an chuimsithe shóisialta, agus na seirbhísí sóisialta, sláinte, oideachais agus oiliúna.

Leanfaidh an Iodáil de bheith rannpháirteach ar bhealach cuiditheach sa phróiseas reachtach, agus é d'aidhm aici comhleanúnachas na rialachán eanála a neartú, céannacht chistí an bheartais comhtháthaithe a chaomhnú, agus creat clársceidealaithe soiléir comhréireach, atá go hiomlán comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar síos in CFAE, a áirithiú.'

RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC

'Cé go n-aithníonn an tSlóvaic an dul chun cinn a rinneadh maidir le dréacht-Rialachán CFRE, tacaíonn sí leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun rialacha níos simplí, níos réadúla agus níos inoibrithe a bhunú don chlárthréimhse a bheidh ann amach anseo, a mbeidh athrú dearfach ar an iomlán do réigiún agus do dhaoine mar thoradh orthu.

Is díol sásaimh dúinn na leasuithe a rinneadh ar Airteagal 12a(5) den togra agus is mór againn freisin gur cuireadh litir (b) leis an abairt dheireanach d'Airteagal 10(2).

Mar sin féin, tar éis dul i gcomhairle le húdarás bainistíochta Interreg na hEorpa, molann an tSlóvaic an sampla coiteann iniúchóireachta Interreg a thabhairt isteach arís i Rialachán CFRE, bunaithe ar dhea-thaithí ón gclárthréimhse reatha. Molaimid airteagal ar leith maidir le sampla coiteann iniúchóireachta Interreg a chur le Rialachán nua CFRE/CC, mar a rinneadh i Rialachán Interreg 2021-2027:

Bunaithe ar dhea-thaithí ó chlárthréimhsí roimhe seo agus ar an aiseolas a fuarthas ó thairbhíthe, molaimid freisin comhrialacha incháilitheachta do chlár Interreg a thabhairt isteach arís i Rialachán CFRE. Dá bhrí sin, molaimid airteagal maidir le hordlathas na rialacha a áireamh sa Rialachán nó, de rogha air sin, an t-airteagal sin a áireamh sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 9(1), chun leanúnachas leis an gclárthréimhse roimhe seo agus coinníollacha trédhearcacha do thairbhíthe a áirithiú.

Tabhair do d'aire freisin gur scriosadh an abairt dheireanach d'Airteagal 8(3)(d) de Rialachán CFRE arna leasú le comhréiteach an 21 Bealtaine 2026 maidir le hincháilitheacht CBL: *'Chun críocha dealraitheachta agus réasúntachta, ní áireofar CBL in-aisghabhála i gcostais mheasta iomlána an bhirt;*' (d'imigh an abairt ón leagan nua ón 19 Meitheamh 2026 gan líne a chur tríd an téacs). Áirítear an riail atá i gceist sa Rialachán maidir le pleananna CNR, ach in Airteagal 22(2b)(d), nach bhfuil feidhm aige maidir le Interreg. Ní mór an tsaincheist maidir le hincháilitheacht CBL d'oibríochtaí Interreg a shoiléiriú.

I ndáil leis an méid sin, cuireann an tSlóvaic i dtreis a thábhachtaí atá sé an spás reachtach is gá a choinneáil chun a áirithiú go leanfaidh ailtireacht deiridh an chreata fhoriomláin de bheith oibríochtúil, comhsheasmhach go himmheánach agus in-fhorfheidhmithe, agus go mbeidh sí in ann a cuspóirí a bhaint amach.'

RÁITEAS ÓN IODÁIL

‘Gabhann an Iodáil buíochas le hUachtaránacht na Cipire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh as an dianobair a rinneadh ar na tograí le haghaidh rialacháin a bhaineann le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe, lena n-áirítear Interreg, agus Ciste Sóisialta na hEorpa. Aithnímid an dul chun cinn suntasach a rinneadh le linn na caibidlíochta agus is mór againn na feabhsuithe a tugadh isteach sna téacsanna comhréitigh.

Go háirithe, i ndáil leis an Rialachán maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe, is díol mór sásaimh don Iodáil gur cuireadh isteach an t-airteagal maidir leis an ‘ceart fanachta’ a mhol an Iodáil agus arb é is aidhm dó – i gcomhréir leis an Straitéis atá á cur chun cinn ag an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Fitto – tarraingteacht na gcríoch, rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha, nascacht, agus na cúinsí lena gcuirtear ar chumas daoine fanacht i limistéir níos leochailí a neartú. Is dearfach ár measúnú freisin ar neartú na bhforálacha maidir le tacaíocht do limistéir faoi mhíbhuntáiste, don nuálaíocht réigiúnach agus don chlaohlú réigiúnach, agus don fhorbairt uirbeach inbhuanaithe, chomh maith le haistriú na bhforálacha a bhaineann le Interreg ón Rialachán ginearálta maidir le Pleananna CNR go dtí an Rialachán earnála maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe, le léiriú níos mionsonraithe lenar féidir aitheantas níos fearr a thabhairt do chineál sonrach an chomhair chríochoigh Eorpaigh.

Maidir le Rialachán CSE, is díol sásaimh dúinn neartú na tacaíochta don aistriú déimeagrafach agus sonrú níos soiléire ar rannchuidiú an Chiste le cuspóirí a bhaineann le fostaíocht ardcháilíochta, scileanna, oideachas agus oiliúint, cuimsiú sóisialta, an comhrac i gcoinne na bochtaineachta, agus rochtain ar sheirbhísí.

Ag an am céanna, cuireann an Iodáil in iúl go bhfuil amhras uirthi faoi ghnéithe áirithe de na téacsanna reachtacha atá á bhformheas.

Ar an gcéad dul síos, ní dhéanann na rialacháin earnála raon feidhme idirghabhála chistí an bheartais chomhtháthaithe a shonrú go leordhóthanach fós, ná ní shonraítear an ghné sin go soiléir sa Rialachán maidir le Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha, cé go sainítear misean na gCistí sin le CFAE. Is measa fós é sin toisc nach bhfuil leithdháileadh airgeadais tiomnaithe ann don Bheartas Comhtháthaithe ná dá Chistí. I ndáil leis an méid sin, níor glacadh leis an moladh ón Iodáil iarscríbhinn earnála a chur isteach lena sainathnítear na réimsí idirghabhála agus na táscairí ábhartha do CFRE, Interreg agus CSE. Neartódh an ionstraim sin deimhneacht dhlíthiúil, soiléireacht clársceidealaithe, agus infheictheacht na gcistí.

Ar an dara dul síos, meastar gur cheart forbairt na gceart bunúsach agus cur chun cinn an smachta reachta a bheith ina bprionsabal cothrománach seachas ina réimsí idirghabhála le haghaidh Chistí an Bheartais Comhtháthaithe.

Ar an tríú dul síos, ní dhéantar foráil i Rialachán CSE maidir le tacaíocht a thabhairt d'idirghabhálacha cúnaimh theicniúil, mar a tharla i gcónaí i gclárthréimhsí roimhe seo. Tá an rogha sin, atá beartaithe do CFRE, fíor-riachtanach chun clársceidealú agus cur chun feidhme éifeachtach idirghabhálacha a áirithiú i réimsí na fostaíochta, na scileanna, an chuimsithe shóisialta, agus na seirbhísí sóisialta, sláinte, oideachais agus oiliúna.

Leanfaidh an Iodáil de bheith rannpháirteach ar bhealach cuiditheach sa phróiseas reachtach, agus é d'aidhm aici comhleanúnachas na rialachán earnála a neartú, céannacht chistí an bheartais comhtháthaithe a chaomhnú, agus creat clársceidealaithe soiléir comhréireach, atá go hiomlán comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar síos in CFAE, a áirithiú.'

**Maidir le mír 5 ar
liosta na
míreanna ‘B’:**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcibearfhoréigean in aghaidh
cailíní a chosc agus a chomhrac
*Formheas***

RÁITEAS ÓN UNGÁIR

‘I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus le reachtaíocht náisiúnta na hUngáire, léirmhíníonn an Ungáir comhionannas inscne mar chomhionannas seansanna agus deiseanna a chur ar fáil do mhná agus d’fhir. Laistigh den mhéid sin agus i gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir an coincheap ‘inscne’ mar thagairt do ‘gnéas’ sna *Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcibearfhoréigean in aghaidh cailíní a chosc agus a chomhrac.*’
